Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Leas a Bhaint as Digitiú
# Creat Digiteach na hÉireann

## Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2023



Arna hullmhú ag Roinn an Taoisigh
Eanáir 2024
**gov.ie**

# Forléargas

Foilsíodh Leas a Bhaint as Digitiú:  Creat Digiteach na hÉireann i dtús na bliana 2022. Léirítear uaillmhian na hÉireann sa Chreat, is é sin leanúint lena bheith **ina cheannasaí digiteach Eorpach agus domhanda**, agus ár dtiomantas láidir chun bunathrú digiteach ár ngeilleagar agus ár sochaí a chur chun cinn.

Rinneadh an Straitéis a fhorbairt i gcomhréir le Deacáid Dhigiteach an AE, ina leagtar amach treochlár chun **digitiú seirbhísí fiontraíochta agus poiblí** a chur chun cinn, cumasaithe ag **bonneagar digiteach agus ag soláthar scileanna digiteacha** ag gach leibhéal, agus ag comhlánú na hoibre i dtreo cuspóirí aeráide na hÉireann a bhaint amach.

Agus aitheantas á thabhairt do ról tábhachtach na hÉireann maidir le **rialacháin dhigiteacha** a chur i bhfeidhm, trí *Leas a Bhaint as Digitiú*, treisítear freisin ár dtiomantas do chreat rialálaithe comhaimseartha, comhtháite, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar rialacháin atá ann cheana féin agus ar rialacháin nua agus iad a fhorfheidhmiú.


Cinntíonn *Leas a Bhaint as Digitiú* **cur chuige tras-Rialtais i leith ár gclár oibre digiteach a chur chun cinn** le **struchtúir feidhmithe láidre** faoin gCoiste Comh-Aireachta ar an nGeilleagar agus ar Infheistíocht a chinntíonn seachadadh comhleanúnach ag a bhfuil tionchar. Áirítear ann, comhairliúchán rialta agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear, leis an tionscal tríd an bhFóram Comhairleach um Chúrsaí Digiteacha d'Fhiontair, agus le rialaitheoirí tríd an nGrúpa Rialaitheoirí Digiteacha. Tá ról tábhachtach maidir le seachadadh ag **ceannaireacht pholaitíochta láidir** ar fud clár oibre digiteach níos leithne, lena n-áirítear, ar leibhéal AE agus idirnáisiúnta.

Baineann tábhacht ar leith leis an gcur chuige tras-Rialtais seo, le rannpháirtíocht leathan, i gcomhthéacs **teacht chun cinn go tapa na hIntleachta Saorga (AI)**, ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach ó thaobh feabhas a chur ar ár bhfolláine shocheacnamaíoch, nuálaíocht a chumasú agus táirgiúlacht a chur chun cinn ach lena mbaineann rioscaí agus dúshláin freisin. Tá an Rialtas tiomanta do **chur chuige atá eiticiúil agus bunaithe ar chearta daonna** i leith AI atá duinelárnach agus a chuireann béim ar chothroime, trédhearcacht agus le hiontaoibh an phobail mar a léirítear inár Straitéis Náisiúnta AI, - AI -Tá AI Anseo go Ceann Roinnt Mhaith Blianta Fós.

Léirítear dul chun cinn leanúnach ar fud ár gclár oibre digiteach in **Innéacs um Gheilleagar agus Sochaí Digiteach** (DESI) an AE don bhliain 2023 agus léiríodh freisin réimsí ina bhféadfaí dlús a chur faoi dhul chun cinn. Mar shampla, cé go bhfuil ról ceannaireachta againn san AE ó thaobh roinnt táscairí fiontraíochta, scileanna, nascachta agus seirbhísí poiblí, tá obair le déanamh againn freisin chun ár spriocanna a bhaint amach i roinnt réimsí. Áirítear orthu seo, treallús a chur faoi ghlacadh le leibhéil arda fiontar maidir le AI, Néal agus Mórshonraí, leanúint ar aghaidh ag freastal ar an éileamh ar scileanna digiteacha ar ardchaighdeán ar fud an gheilleagair, agus rochtain na saoránach ar thaifid Dhigiteacha Sláinte a chur chun cinn. Tá an Rialtas ag díriú i gcónaí ar oibriú ar sheachadadh a dhéanamh sna réimsí seo go háirithe, ar mhaithe lena chinntiú go mbainimid amach ar spriocanna digiteacha ar leibhéal náisiúnta agus AE.

Léirítear sa dara tuarascáil ar dhul chun cinn atá foilsithe, *Leas a Bhaint as Digitiú*, na forbairtí suntasacha faoin straitéis le linn na bliana 2023.

## Dul Chun Cinn na hÉireann in aghaidh Spriocanna maidir le Leas a Bhaint as Digitiú arna dtomhas ag DESI 2023



Chuidigh an Ciste um Aistriú Digiteach de €85m le beagnach 300 gnólacht

Tá 4 Mhol Nuálaíochta Digití Eorpacha ag feidhmiú: CeADAR (Mol Nuálaíochta IS); FactoryxChange; DATA2SUSTAIN; agus ENTIRE

Beagnach 8,000 céimí TFC tríú leibhéal sa bhliain 2022

Tairseach Dhigiteach nua do ghnó (Ráithe 1 2024)

Tá Pointí Nasctha Leathanbhanda suiteáilte anois i mbeagnach 300 láthair

Tá bonneagar leathanbhanda ardluais leathnaithe amach chun gach bunscoil tuaithe a chlúdach

€10m tiomanta do líonra Bonneagair Cumarsáide Candamaí (mar chuid den Eoraip DHIGITEACH)

Plean Náisiúnta Leathanbhanda €2.7bn: 200,000 +áitreabh suiteáilte le leathanbhanda snáithín iomlán

Tá forbairt á déanamh ar Ionad ilfhreastail nua do Thairseach Aonair i leith Faisnéise do Ghairmeacha Beatha agus Scileanna

Bí cliste leis na meáin 2023 - líonra leabharlann poiblí a thógáil chun litearthacht dhigiteach a mhéadú

Bunaíodh Coimisiún na Meán go foirmiúil i Márta 2023

Comhairle Chomhairleach IS nua chun comhairle a chur ar an Rialtas

2023 DESI: Rangaítear Éire sa 1ú háit do Sheirbhísí Poiblí Digiteacha do Ghnó ag 100%

2 Choimisinéirí bhreise don Choimisiún um Chosaint Sonraí, agus €27.9m don DPC faoi Bhuiséad 2024

2.25m deimhnithe do chuntais MyGovID

Treochlár nua Ionchuimsitheachta Digití, Digiteach ar son na Maitheasa, chun feabhas a chur ar ionchuimsiú digiteach trí scileanna, rochtain agus bonneagar

# Dul chun cinn maidir le seachadadh

Tugtar achoimre thíos ar an dul chun cinn le linn na bliana 2023 faoi gach aon cheann de na ceithre ghné maidir le *Leas a Bhaint as Digitiú*.

## Gné 1 – Bunathrú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó

### Sruth Oibre: Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá mbunathrú digiteach

- Léirítear in Innéacs um Gheilleagar agus Sochaí Digiteach (DESI) 2023 go bhfuil seasamh ceannaireachta ag Éirinn san AE i dtéarmaí FBManna le leibhéal déine digiteach bunúsach ar a laghad (ag 85% in aghaidh sprioc de 90%).

- Leanann an **Ciste um Aistriú Digiteach €85 milliún** ag tacú le cuideachtaí ag gach céim dá n-aistear digiteach, agus rinneadh €10 milliún a leithdháileadh sa bhliain 2022 agus €16 mhilliún sa bhliain 2023, agus tá maoiniú ceadaithe do 274 gnólacht ar an iomlán go dtí seo. Tá obair faoi bhealach chun leathnú a dhéanamh ar incháilitheacht chun tuilleadh gnólachtaí a chumasú chun rochtain a fháil ar scéimeanna maoinithe digiteacha.

- Seolfar **Tairseach Dhigiteach** nua chun comhairle a thabhairt do ghnólachtaí ar a n-aistear digiteach i Ráithe 1 den bhliain 2024.

- Thug an tsraith '**Ag Cur le Gnó níos Fearr'** cuairt ar gach aon cheann de 9 réigiún an Phlean Fiontraíochta Réigiúnaí, agus rinneadh óstach ar imeachtaí, lena n-áirítear, díospóireacht phainéil ar aistir dhigiteacha FBManna agus cuireadh raon tionscnaimh stáit ar taispeáint chun cuidiú a thabhairt do ghnólachtaí lena n-aistriú digiteacha.

- Ag teacht le Ráiteas an Rialtais don bhliain 2022 maidir leis an Ról atá ag Ionaid Sonraí, táthar ag leanúint le hobair ar fud an Rialtais chun cothromaíocht a dhéanamh ar riachtanais **ionad sonraí** agus úsáideoirí móra fuinnimh eile le tomhaltóirí leictreachais ar fud an gheilleagair.

- Ó thaobh AI de, tá an t-ionad taighde **CeADAR** bunaithe mar mhol nuálaíochta AI na hÉireann faoi chlár an Mhoil Eorpaigh maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach.

- Bunófar **Comhairle Chomhairleach AI** nua sna seachtainí atá amach romhainn. Beidh Ambasadóir AI, an Dr Patricia Scanlon (a ceapadh sa bhliain 2022) ina cathaoirleach air agus áireofar ar an gcomhairle, saineolaithe ón saol acadúil, gnó, dlí, slándáil agus an tsochaí shibhialta chun sainchomhairle neamhspleách a chur ar fáil don Rialtas maidir le beartas AI agus úsáid fhreagrach AI.

- Tá treoir á forbairt maidir **le húsáid iontaofa agus eiticiúil AI sa tseirbhís phoiblí** ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh sé ar chumas na seirbhíse poiblí leas a bhaint go sábháilte as cumhacht AI agus dul i ngleic le dúshláin mhóra, lena n-áirítear, táirgiúlacht a mhéadú agus buntáiste a bhaint as deiseanna nuálacha. Foilseofar treoir eatramhach don tseirbhís phoiblí go gairid.

- Foilsíodh **Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le feidhmiú na Straitéise AI**, agus **tuarascáil maidir le gníomhaíocht na chéad bhliana le hAmbasadóir AI na hÉireann**, an Dr Patricia Scanlon, i mí Lúnasa 2023.

- Ar feadh na bliana 2023, dhírigh an **Fóram Comhairleach um Chúrsaí Digiteacha d'Fhiontair –** a bunaíodh sa bhliain 2022 ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an chur chuige faoi stiúir páirtithe leasmhara ag cabhrú le fiontair – ar dheiseanna ó GovTech, ionchuimsiú digiteach, scileanna, cibearshlándáil, ag baint leas as Moil Nuálaíochta Dhigiteacha Eorpacha agus as seisiún domhain ar AI. Rinneadh athnuachan ar chomhaltas an Fhóraim le gairid, lena chinntiú go bhfaigheann an uile dhuine éisteacht agus lena chinntiú go mbíonn an Fóram chomh hionadaíoch agus chomh freagrach agus is féidir.

**Sruth Oibre: Tabhairt faoi chur chuige stuama, comhtháite, réamhghníomhach i leith aistriú digiteach, trí éiceachóras láidir agus cumasóirí láidre.**

- Chomh maith le CeADAR, tá trí **Mhol Nuálaíochta Dhigiteacha Eorpacha** eile ag feidhmiú agus atá in úsáid mar ionaid ilfhreastail do ghnó, a chuireann rochtain ar fáil chuig saineolas teicniúil, seirbhísí nuálaíochta agus forbairt scileanna:
    - Tá sé mar aidhm le **FactoryxChange (FxC):** borradh a chur faoi 'Mhonarchana don Todhchaí' a fháiltíonn roimh dhúshláin éiceolaíochta, dhigiteacha agus shochaíocha.
    - Tá sé mar aidhm le **DATA2SUSTAIN**: cur le hacmhainneacht bunathraithe FBManna Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, ag díriú ar an ngeilleagar ciorclach agus ar inbhuanaitheacht.
    - Tá sé mar aidhm le **ENTIRE**: cabhrú le FBManna agus le gnólachtaí nua-thionscanta a bheith níos iomaíche agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha.
- Sheol **Banc Ceannais na hÉireann** comhairliúchán maidir le feabhas a chur ar rannpháirtíocht ó thaobh na nuálaíochta de, lena n-áirítear, moladh chun **Clár Nuálaíochta Bosca Gainimh** a bhunú ar mhaithe le comhairle rialála a sholáthar agus cuidiú leis an nuálaíocht a fhorbairt mar chuid de rannpháirtíocht níos doimhne le teicneolaíocht an airgeadais.
- Beidh Éire ina cathaoirleach ar **ghrúpa-D9 do thíortha atá níos faide chun cinn go digiteach** don chéad leath den bhliain 2024, agus tá an príomhchruinniú airí le reáchtáil in Aibreán 2024; beidh sé seo ag teacht leis an **dara Comhdháil Éire Dhigiteach** de chuid na hÉireann.
- Tá Éire rannpháirteach go gníomhach in idirbheartaíocht ag leibhéal AE maidir le rialú digiteach agus **ar obair Chomhairle na hEorpa ar choinbhinsiún dlíthiúil ar AI.** Tá Éire rannpháirteach freisin i **struchtúir Dheacáid Dhigiteach 2030 an AE**, agus sa **Ghrúpa Ardleibhéil ar AI agus ar Dhigitiú Gnó**, chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí digiteacha AE, ar nós na Mol Nuálaíochta Digiteacha.
- Tháinig an Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta (GBER) an AE i bhfeidhm i mí Iúil 2023. Déanann leasú na Beartaíochta Glaise GBER leathnú ar scóip an rialacháin chun cur ar chumas Ballstáit an AE **Státchabhair a chur ar fáil do thionscadail digitithe**, teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha a fhorbairt agus tuilleadh roghanna a sholáthar chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt Mol Nuálacha.

## Gné 2 – Bonneagar Digiteach

### Sruth Oibre: Treallús a chur faoi nascacht ghigighiotáin agus nascacht 5G níos fearr, lena n-áirítear, nascacht idirnáisiúnta

- De réir DESI 2023, tá seasamh ceannaireachta ag Éirinn maidir le glacadh le leathanbhanda móibíleach (98% in aghaidh mheán an AE de 87%), agus is féidir feabhsúcháin a fheiceáil ar fud ár dtáscairí nascachta, lena n-áirítear, speictream 5G.

- Tá dul chun cinn ár spriocanna nascachta ag leibhéal náisiúnta agus AE trí chur i bhfeidhm **na Straitéise um Nascacht Dhigiteach** de réir sceidil. Táthar ag déanamh dul chun cinn láidir le seachadadh snáithín do leathanbhanda baile, agus tá 70% de na háitribh i limistéir thráchtála uasghrádaithe anois, agus **suibscríbhinní snáithín iomlán ag os cionn 600,000 áitreabh**, mar atá tuairiscithe ag ComReg.

- I gceantair thuaithe, tá tógáil críochnaithe nó faoi bhealach ar fud na gceantar iargúlta go léir faoin **bPlean Náisiúnta Leathanbhanda €2.7 billiún;** tá snáithín iomlán leathanbhanda ag os cionn 200,000 áitreabh anois agus tá os cionn 60,000 suibscríbhinn ann. **As na €2.7 billiún, ceadaíodh €348 milliún** de mhaoiniú Stát i mBuiséad 2024 chun leanúint le leathnú amach chuig os cionn 600,000 áitreabh tuaithe.

- Tá **Pointí Nasctha Leathanbhanda** suiteáilte anois i 300 láthair ar fud na gcontaetha go léir. Faoin gclár seo, soláthraíonn ionaid phobail, CLG agus foirgnimh phoiblí ainmnithe eile WIFI ardluais saor in aisce don phobal agus tá go leor acu ag feidhmiú mar mhoil dhigiteacha.

- Tá an síneadh a cuireadh le bonneagar leathanbhanda ardluais chuig **na bunscoileanna** go léir i gceantair thuaithe, lena n-áirítear, na hoileáin, críochnaithe anois faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda.

- Sa bhliain 2023, bunaíodh **an Oifig Nascachta Digití** chun maoirseacht a dhéanamh ar spriocanna nascachta digití na hÉireann, lena n-áirítear, maoirseacht ar an gconradh don Phlean Leathanbhanda Náisiúnta le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann. Tá an Oifig ag tabhairt faoin athbhreithniú suntasach freisin ar acmhainn idirnascachta idirnáisiúnta na hÉireann chun a chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais beartais phoiblí agus ar éileamh sna blianta atá romhainn.

- Tá obair faoi bhealach chun **Caighdeán Seirbhíse Uilíoch** cuí a bhunú do sheirbhísí leathanbhanda agus gutha; cinnteoidh sé seo go mbeidh gach saoránach i dteideal seirbhísí leordhóthanacha leathanbhanda agus gutha ar phraghas inacmhainne.

- Bhunaigh an **réimeas reachtach um Limistéar Muirí a Phleanáil** réimeas nua pleanála agus toilithe don earnáil cáblaí teileachumarsáide fomhuirí; bunaíodh an tÚdarás Rialála um Limistéar Muirí (MARA) i mí Iúil, agus tá forbairt an Réimis Toilithe um Limistéar (MAC) a mbeidh baint aige leis an earnáil ar siúl anois.

### Sruth Oibre: Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le fuinneamh agus an geilleagar ciorclach ó theicneolaíochtaí digiteacha

- Tá taighde tosaigh foilsithe mar chuid **de chlár taighde ilbhliantúil leis an ESRI** maidir le tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha athruithe teicneolaíochta digiteacha ar inbhuanaitheacht.

- Tá ComReg ag obair lena contrapháirtithe san AE chun measúnú a dhéanamh ar chion oibre rialálaithe maidir le tionchar na hearnála digití ar an gcomhshaol a laghdú agus bhí siad mar dhréachtóirí ar thuarascáil Chomhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) maidir le **Táscairí Inbhuanaitheachta do Sheirbhís agus do Líonraí Cumarsáide Leictreonaí**. Tá BEREC ag déanamh scrúdú i láthair na huaire maidir le conas tomhaltóirí a chumhachtú trí fhaisnéis ar an tionchar comhshaoil atá ar earraí agus seirbhísí digiteacha.

**Sruth Oibre: Tosaíocht a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na hÉireann**

- Tá forbairt na reachtaíochta chun **Ionad Náisiúnta Cibearshlándála** a fhorbairt ar bhonn reachtúil ceadaithe ag an Rialtas agus beidh sé seo críochnaithe faoi mhí Dheireadh Fómhair 2024 mar chuid de Threoir NIS 2 a aistriú.

- Foilsíodh an **tAthbhreithniú Meántéarmach ar an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024** i mí an Mheithimh 2023, ina leagtar amach 18 ngníomh straitéiseacha nua, lena n-áirítear, forbairt a dhéanamh ar **Straitéis Thionscail Cibearshlándála**.

- Tá €10 milliún tiomanta do líonra um **Bonneagar Cumarsáide Candamaí** d'Éirinn mar chuid de EuroQCI na hEorpa DIGITÍ, an clár ar fud an AE go léir. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal bonneagar ríthábhachtach a dhaingniú in aghaidh ionsaithe cibearshlándála mar gheall ar theacht chun cinn ríomhchumhacht candamach. Táthar ag súil go mbeidh an líonra tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana 2024.

## Gné 3 - Scileanna

**Sruth Oibre: Cnuasach freagraí um beartas scileanna atá cuimsitheach agus idirnasctha a chur ar fáil chun tabhairt faoi na dúshláin, agus an deis a fhíorú maidir le bunathrú digiteach na hÉireann, ar fud scileanna digiteacha ardleibhéil, agus scileanna digiteacha don mhargadh saothair san áireamh**

- Rangaíodh Éire os cionn an mheáin ar fud go leor táscairí scileanna in DESI 2023, lena n-áirítear, sa 2ú háit do chéimithe TFC, agus an 3ú háit dóibh siúd a raibh scileanna digiteacha bunúsacha ar a laghad acu. Tugann DESI 2023 le fios freisin go bhfuil Éire tar éis a rangú i leith ban-speisialtóirí a fheabhsú ón 14ú háit (20.1%) go dtí an 9ú háit (21.8%), i dtéarmaí Bhallstáit an AE.

- Sa bhliain 2022, bhí beagnach **8,000 céimí** ann ag an tríú leibhéal ó chláir TFC.

- Tá raon **tionscnamh uasoiliúna agus athoiliúna digiteach** á gcur ar fáil trí Skillnet Ireland, Tionscnamh Caipiteal Daonna agus Springboard+.

- Tá forbairt á dhéanamh ar ionad ilfhreastail do **Thairseach Aonair i ndáil le Faisnéis do Ghairmeacha Beatha agus do Scileanna** maidir le roghanna foghlama agus gairme beatha.

- Aithníodh, in **Athbhreithniú an OECD ar Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann,** a foilsíodh i mí na Bealtaine 2023, bunathrú digiteach mar mheigithreocht ríthábhachtach agus cuirfidh a chuid moltaí faisnéis ar fáil do sholáthar agus d'anailís riachtanas scileanna digiteacha amach anseo. Tá forbairt ar chur chuige uile-rialtais i leith beartas scileanna, lena n-áirítear, trí athstruchtúrú reatha a dhéanamh ar Chomhairle Scileanna Náisiúnta na hÉireann, faoi bhealach.

- Foilseofar go luath sa bhliain 2024, an tuarascáil maidir leis an gcéad tionscadal faoi **chlár taighde DFHERIS / ESRI** ar ról na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh riachtanais scileanna sa mhargadh saothair.

- Leanann Éire ag cur le **hIdirphlé Struchtúrtha maidir le hOideachas agus Scileanna Digiteacha an AE**.

- Táthar ag leanúint le hobair lena chinntiú go **mbíonn córas oideachais tríú leibhéil níos aontaithe** ann, agus tionóladh 5 chruinniú réigiúnacha maidir le hidirphlé i mí an Mheithimh 2023 agus tá rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe agus institiúidí leasmhara ábhartha ag cur leis an obair seo litearthachta meán chun cuidiú leis an bpobal measúnú grinn a dhéanamh ar ábhar ar líne agus ar ábhar craolta

## Sruth Oibre: Scileanna Digiteacha a chur ar fáil don tSochaí níos leithne, chun cur ar chumas gach cohóirt gníomhú le digitiú agus leas a bhaint as

- Táthar ag leanúint le feidhmiú na **Straitéise um Litearthacht Daoine Fásta ar feadh an tSaoil**, le maoiniú suas go dtí €1 mhilliún ar fáil do thograí faoin gCiste um Nuálaíocht agus Comhoibrithe, le tionscadail litearthachta dhigiteacha a thabhairt san áireamh. Chomh maith leis sin, táthar ag leanúint le feabhas a chur ar láithreán gréasáin ALL chun an fhaisnéis agus an chomhairle ábhartha ar litearthacht agus ar rochtain ar sheirbhísí d'úsáideoirí a chur ar fáil.

- Táthar ag leanúint le feidhmiú na **Straitéise Digití do Scoileanna go dtí an bhliain 2027**, a foilsíodh in Aibreán 2002, a chur chun cinn.

- Cuirfidh **an Plean maidir le Cur Chun Feidhme Oideachais STEM go dtí 2026,** a foilsíodh i Márta 2023, tuilleadh feabhais ar thaithí fhoghlama STEM do gach foghlaimeoir ó scoileanna luathbhlianta go scoileanna iar-bhunscoile, lena n-áirítear, deiseanna gairmiúla do mhúinteoirí agus do chomhairleoirí gairmthreoracha chun cur le feasacht ar ábhair STEM, agus athbhreithniú leanúnach ar churaclam STEM ar fud gach leibhéil.

- Tá comharba na **Straitéise Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020** do shocrúcháin scoileanna luathbhlianta, bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunscoile, leis an bpríomhfhócas ar litearthacht dhigiteach, ar na bacáin le foilsiú sna míonna atá romhainn.

- D'fhoilsigh **Coimisiún na Meán**, a bunaíodh go foirmiúil i mí an Mhárta, a gclár oibre tosaigh i mí an Mheithimh, inar áiríodh forbairt a dhéanamh ar **thionscnaimh litearthachta meán chun cuidiú leis an bpobal measúnú grinn a dhéanamh ar ábhar ar líne agus ar ábhar craolta.**

- Sheol **Litearthacht sna Meáin, Éire**, a bhí maoinithe ag Coimisiún na Meán, **Bíodh Tuiscint agat ar na Meáin 2023**, tionscnamh chun oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne leabharlainne chun líonra traenálaithe pobal-bhunaithe a chur le chéile chun cuidiú le daoine aonair, le pobail agus le hinstitiúidí faisnéis bheacht a aithint agus luach a chur ar an bhfaisnéis sin.

## Gné 4 – Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú

**Sruth Oibre: Treallús a chur faoi dhigitiú breise seirbhísí poiblí (le fócas ar an gcóras sláinte)**

- Faoi DESI 2023, rangaítear Éire sa chéad áit do Sheirbhísí Digiteacha Poiblí do Ghnó ag 100%, le dul chun cinn maith i réimsí eile na Seirbhísí Digiteacha Poiblí, cé go léirítear freisin i dtorthaí an DESI roinnt réimsí a bhféadfaí borradh a chur faoin dul chun cinn maidir le taifid Sláinte Digití, áit a bhfeidhmíonn Éire go dona in aghaidh thomhas AE.

- Leagtar amach sa **Digiteach ar son na Maitheasa: Treochlár Ionchuimsitheachta Digití na hÉireann,** a foilsíodh i mí Lúnasa 2023, raon tionscnamh atá ag cur le feabhas ar ríomh-ionchuimsiú trí scileanna, rochtain agus bonneagar níos fearr, a laghdaíonn deighilt dhigiteach ar leibhéal náisiúnta, áitiúil agus pobail.

- Tugadh **comhairliúchán poiblí ar Sheirbhísí Digiteacha Poiblí** chun críche agus tá an tuarascáil le foilsiú go gairid; rinne taighde spriocdhírithe breise agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara comhlánú air sin. Baineadh úsáid as an aiseolas chun tosaíochtaí a leagan síos don chlár nua Imeachtaí Saoil.

- Tá forbairt ar an tairseach ghaolmhar d'**Imeachtaí Saoil** ag dul chun cinn, agus beidh ceadúnais tiomána agus teastais bhreithe ar na chéad seirbhísí a bheidh ar fáil. Táthar ag leanúint ar aghaidh freisin leis an bhforbairt ar **sparán digiteach comhoiriúnach AE**, agus beidh teastais bhreithe, ceadúnais tiomána agus MyHealthID i measc na gcéad seirbhísí a bheidh ar fáil tríd an sparán digiteach.

- Seolfar **leagan nua de láithreán gréasáin gov.ie an Rialtais** go gairid, chun rochtain chuig seirbhísí poiblí a thabhairt san áireamh trí thairseach Imeachtaí Saoil agus seirbhís nuachta MerrionSt.ie.

- Tá glacadh leathan le **MyGovID** na hÉireann, agus os cionn **2.3 milliún** cuntas fíoraithe ann faoi dheireadh mhí Deireadh Fómhair 2023.

- Táthar ag leanúint leis an tógáil ar **Ionad Sonraí an Stáit**, chun saoráid nua-aimseartha, slán agus oiriúnach don fheidhm a sholáthar; agus táthar ag súil go mbeidh an struchtúr tógála críochnaithe i Ráithe 1 den bhliain 2024.

- Earcaíodh **101 printíseach TFC** chun na Státseirbhíse ar mhaithe le freastal ar an éileamh ar scileanna inmheánacha TFC agus chun an líonra tallainne a leathnú.

- Tá**Treochlár Digiteach Sláinte agus Cúraim Shóisialta** 2023-2030 nua beagnach críochnaithe, agus tá forbairt á dhéanamh ag an HSE ar phlean feidhmithe gaolmhar. Cruthóidh sé seo treochlár do shláinte dhigiteach in Éirinn go deireadh an chéid, cuirfidh roghanna ar fáil ó thaobh infheistíochta i dtaifid sláinte leictreonacha in Éirinn agus cuirfidh an cuspóir in iúl go mbeidh rochtain ag gach saoránach de chuid na hÉireann ar a gcuid taifead sláinte digiteacha faoin mbliain 2030.

- Tá soláthar na **gCóras Taifead Sláinte Leictreonach (EHR)** don Ospidéal Nua do Leanaí faoi bhealach agus ar an imscaradh EHR is leithne in Éirinn agus cuireann le rathúlacht clár sna hospidéil mhóra máithreachais agus in Ospidéal San Séamas. Tá imscaradh chuig ospidéil mháithreachas i Luimneach agus sa Chom á shocrú don bhliain 2024 chun cibearionsaí na bliana 2021 a thógáil san áireamh agus chun bearta a chur i bhfeidhm chun cibear-theacht aniar a mhéadú sula ndéanfar tuilleadh méaduithe. Tá tús curtha in Éirinn freisin le haitheantóirí sláinte aonair náisiúnta a thabhairt isteach ar fud córais chleachtais GP agus córais riaracháin othar ospidéil. Tá Éire ar cheann de Bhallstát an AE atá rannpháirteach sa chlár le taifid sláinte agus oidis leictreonacha a sheachadadh ar mhaithe lena n-úsáid i gcásanna trasteorann agus bhí sí rannpháirteach sna timthriallta tástála go léir.

- Tá dul chun cinn maith déanta ar fhorbairt an **Bhille um Fhaisnéis Shláinte**; cinnteoidh sé seo córas náisiúnta sláinte atá oiriúnach don fheidhm chun cur le cúram agus cóireáil d'othair agus pleanáil agus seachadadh seirbhísí sláinte níos fearr a éascú, chomh maith le taighde agus nuálaíocht níos fearr. Déanfaidh sé foráil freisin **do Chaomhnóir um Fhaisnéis Shláinte Náisiúnta** agus cumasóidh **bunú Údarás Náisiúnta um Fhaisnéis Shláinte**.

**Sruth Oibre: Céimeanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go hiomlán lena chinntiú go n-úsáidtear sonraí seirbhíse poiblí go sábháilte agus go héifeachtach**

- Tá an **tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019** curtha i bhfeidhm go hiomlán. Tugann an tAcht isteach sraith rialachais agus trédhearcachta i leith faisnéis phearsanta a chomhroinnt ar fud Chomhlachtaí na Seirbhíse Poiblí. Tá an **Clár Comhaontaithe um Chomhroinnt Sonraí,** lena n-áirítear, na Comhaontuithe um Chomhroinnt Sonraí agus Measúnú Tionchair ar Phróiseáil Sonraí atá riachtanach faoin Acht foilsithe.

- Foilsíodh an **Chatalóg Sonraí Seirbhíse Poiblí** sa bhliain 2021 chun trédhearcacht ar fud sonraí na seirbhíse poiblí a éascú, trí fhaisnéis a sholáthar ar bhreis is 1,100 tacar sonraí ar fud beagnach 100 comhlacht poiblí. I mí Iúil 2023, d'ainmnigh an Rialtas an Chatalóg mar Phointe Faisnéise Aonair faoi Acht um Rialachas Sonraí an AE chun faisnéis a sholáthar ar 'thacar sonraí cosanta' na hearnála poiblí agus an bealach lena rochtain agus le hathúsáid a bhaint astu, táthar ag leanúint leis an obair chun cur le feasacht orthu agus a n-úsáid a chur chun cinn.

## Feidhmiú: Cur Chuige Comhordaithe do Bheartas agus do Rialú Digiteach

Cinntíonn **ceannaireacht polaitíochta láidir** na hÉireann agus **cur chuige uile-rialtais** i leith ár gclár oibre digiteach, lena n-áirítear, ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta, seachadadh stuama ag a bhfuil tionchar. Cuireann **an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh agus Infheistíocht Gheilleagrach** treallús faoi chur i bhfeidhm na straitéise, *Leas a Bhaint as Digitiú*, le tacaíocht ó Ghrúpa Oifigeach Sinsearach ar Shaincheisteanna Digiteacha, faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh agus Foghrúpaí eile.

Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear, **rannpháirtíocht tionscal ar bhonn rialta** tríd an bhFóram Comhairleach um Chúrsaí Digiteacha d'Fhiontair, chomh maith le rialálaithe tríd an nGrúpa Rialálaithe Digiteacha.

Glacann Éire go dáiríre lena ról tábhachtach **i bhforfheidhmiú rialachán digiteach**, agus trí *Leas a Bhaint as Digitiú*, tá an Rialtas ag treisiú thiomantas na hÉireann do chreat rialála nua-aimseartha, comhtháite le neart acmhainní ar mhaithe le maoirseacht a dhéanamh ar na rialacháin agus iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Áirítear anseo, ár dtiomantas lena chinntiú go soláthrófar na hacmhainní agus an reachtaíocht chuí, mar shampla, leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha. I gcomhthéacs reatha an tírdhreacha rialála digití atá ag éirí níos casta agus le rialacháin shuntasacha nua AE ag teacht chun cinn, chomh maith le luas tapa a bhaineann le forbairt na teicneolaíochta, go háirithe i réimse an AI, tá tiomantas láidir na hÉireann i leith forfheidhmiú éifeachtach ábhartha.

### Sruth Oibre: Tá Éire tiomanta leanúint le córas rialála digiteach a chur ar fáil atá comhaimseartha, comhtháite agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha ar fáil dó

- Cuireadh tús leis an **Acht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar líne 2022** i Márta 2023, déantar foráil san Acht **do bhunú Choimisiún na Meán**, agus d'aistriú na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc go dlí na hÉireann.

- Bunaíodh Coimisiún na Meán go foirmiúil i mí an Mhárta agus tá na róil lárnacha i bhfeidhm anois, lena n-áirítear, Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Coimisinéir Craolacháin, Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne, Coimisinéir Forbartha na Meán agus Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha agus táthar **ag leanúint le hearcaíocht** níos leithne. I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh an Coimisiún a **chlár oibre** go dtí mí Feabhra 2024, lena n-áirítear, an bealach a nglacfaidh sé leis na chéad chóid sábháilteachta ar líne.

- Tháinig an **tAcht um Sheirbhísí Digiteacha** (DSA) de chuid an AE i bhfeidhm i mí na Samhna 2022, agus tá naoi gcinn déag (19) d'Ardáin an-Mhór ar Líne (VLOPanna) agus Innill Chuardaigh ar Líne an-Mhór (VLOSEnna) ainmnithe ag an gCoimisiún Eorpach go dtí seo, tá trí cinn déag acu seo (13) bunaithe in Éirinn. Tá feidhm le ceanglais na VLOPanna agus na VLOSEnna faoin DSA i bhfeidhm ó mhí Lúnasa; agus ón 17 Feabhra 2024, beidh feidhm ag an DSA i ngach gnólacht ábhartha eile. Ní mór do Bhallstáit, faoi shamhail forfheidhmithe an DSA, Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a ainmniú.

- Tá an **Bille um Sheirbhísí Digiteacha,** tosaíocht ríthábhachtach don tréimhse atá romhainn, á chur chun cinn chun Coimisiún na Meán a ainmniú mar **Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (DSC)** na hÉireann faoin **Acht um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)** agus an CCPC mar údarás inniúil d'airteagail shonracha faoin DSA. Tá an Rialtas tiomanta an Bille a achtú roimh an 17 Feabhra 2024. Táthar ag leanúint le hobair freisin lena chinntiú go bhfuil an DSC ag feidhmiú go héifeachtach agus chomh tapa agus is féidir agus tá €6 milliún leithdháilte ag an Rialtas don DSC i mBuiséad 2024, €3 mhilliún breise ar an mbliain seo caite.

- Sa bhliain 2023, ainmníodh Coimisiún na Meán agus an Garda Síochána mar Údaráis Inniúla faoin **Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne** le freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthróirí seirbhíse agus as Orduithe Aistrithe a eisiúint maidir le hábhar sceimhlitheoireachta faoi seach.

- Cheadaigh an Rialtas **Straitéis Feidhmithe agus Plean Gníomhaíochta** do mholtaí maidir le Todhchaí Choimisiún na Meán i mí Eanáir, agus táthar ar leanúint lena gcur i bhfeidhm, lena áirítear, forbairt **Straitéise Náisiúnta um Bréagaisnéis a Chomhrac** nua.

- Tháinig an **tAcht um Margaí Digiteacha** (DMA) an AE i bhfeidhm i mí na Samhna 2022 agus d'ainmnigh an Coimisiún Eorpach seisear (6) geatóirí faoin DMA i Meán Fómhair 2023, a bhfuil 6 mhí acu chun na ceanglais ghaolmhara a chomhlíonadh.

- Tá feidhm le **hAcht um Rialachas Sonraí** (DGA) an AE ó mhí Mheán Fómhair 2023. Tá an CCPC á bhunú faoi láthair mar údarás inniúil na hÉireann do chlárú agus do chomhlíonadh 'soláthróirí seirbhísí idirghabhála sonraí' agus 'eagraíochtaí altrúchais sonraí' agus tá an Phríomh-Oifig Staidrimh á bunú mar údarás inniúil chun cuidiú le comhlachtaí earnála poiblí na hÉireann a roghnaíonn 'sonraí cosanta' a chomhroinnt. Tá 'pointe faisnéise aonair' na hÉireann do shonraí cosanta faoin DGA á óstáil ar Chatalóg Sonraí na Seirbhíse Poiblí agus chuaigh sé amach beo i mí Mheán Fómhair.

- Comhaontaíodh an **tAcht um Shonraí** de chuid an AE i mí an Mheithimh agus táthar ag súil go bhfoilseofar an tAcht san Iris Oifigiúil go gairid sula dtiocfaidh an tAcht i bhfeidhm 20 lá níos deireanaí; beidh feidhm leis an Acht 20 mí ina dhiaidh sin (táthar ag súil leis sin i Ráithe 3 den bhliain 2025).

- Cuireadh tús leis an **Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Gníomhaireacht Forbartha do Mhol Digiteach (Leasú) 2023,** agus le **(Cód Cumarsáide Leictreonach) Rialacháin an Aontais Eorpaigh** araon i mí an Mheithimh, a d'aistrigh an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach agus a rinne foráil do chosaint feabhsaithe tomhaltóra in earnáil na teileachumarsáide.

- Áirítear ar rialacháin bhreise reatha atá á bplé ar leibhéal AE, an **Gníomh um an Intleacht Shaorga** agus an **Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán** (agus thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an dá Acht i mí na Nollag), an **Gníomh um Chibear-Athléimneacht** (agus thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Acht i mí na Samhna), an **Gníomh um Bonneagar Ghigighiotáin,** agus **Rialachán atá molta maidir le hÁbhar Mí-Úsáide Gnéasaí Leanaí a Chosc agus a Chomhrac** agus Rialachán atá molta maidir le **rialacha nóis imeachta breise a leagan síos a bhaineann le forfheidhmiú an GDPR.**

- Tá an Rialtas tiomanta do rialachán cosanta sonraí éifeachta a sholáthar do shaoránaigh an AE. Tá ról lárnach ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i bhforfheidhmiú an GDPR ar fud na hEorpa. Ceapfar beirt choimisinéirí breise chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí go gairid mar aitheantas ar a ról i bhforfheidhmiú an GDPR agus an t-ualach oibre atá méadaithe. Fuair an DPC **€27.9 milliún faoi Bhuiséad 2024**, ardú beagnach faoi ocht ar leithdháileadh na bliana 2015.

## Ceannasaí digiteach a dhéanamh d'Éirinn, chun claochlú digiteach a chur chun cinn agus a chumasú ar fud an gheilleagair agus na sochaí

| Gné 1: Claochlú Digiteach a Dhéanamh ar Ghnó | Gné 2: Bonneagar Digiteach | Gné 3: Scileanna | Gné 4: Seirbhísí Poiblí a Dhigitiú |
|---|---|---|---|
| **Spriocanna** | | | |
| 75% d'fhiontair ag glacadh le Néal, Mórshonraí, IS faoin mbliain 2030.<br><br>90% de SMEnna ag déine dhigiteach bunúsach faoin mbliain 2030.<br><br>Ag tacú le 800 gnó ar a laghad faoin mbliain 2026 faoin gCiste um Aistriú Digiteach €85 milliún.<br><br>35% de mhaoiniú Stáit ar a laghad do ghnónna nuathionscanta agus luathchéime infheistithe i ngnónna digiteacha nuálacha ón mbliain 2022 ar aghaidh | Gach teaghlach agus gnó bheith clúdaithe le líonra Gigighiotáin faoin mbliain 2028.<br><br>Gach ceantar a bhfuil cónaí ann bheith clúdaithe le 5G faoin mbliain 2030.<br><br>Nascacht dhigiteach do gach Mol agus Scoil Nasctha faoin mbliain 2023.<br><br>Dearbhú tugtha i leith gach oibritheoir seirbhís í bunriachtanacha, Roinn Rialtais agus gníomhaireacht bharrthábhachtach go bhfuil bearta láidre maolaithe cibearshlándála curtha i bhfeidhm faoin mbliain 2024. | An sciar daoine fásta a bhfuil scileanna digiteach bunúsacha acu ar a laghad a mhéadú go 80% faoin mbliain 2030.<br><br>Céimithe ag a bhfuil scileanna digiteacha ardleibhéil a mhéadú go breis agus 12,400 faoi dheireadh na bliana- 2022, leis an uaillmhian an soláthar scileanna digiteacha a mhéadú tuilleadh sna blianta ina dhiaidh sin | 90% de sheirbhísí infheidhme á n-úsáid ar líne faoin mbliain 2030<br><br>80% de shaoránaigh incháilithe ag úsáid MyGovID faoin mbliain 2030<br><br>20% d'fhostaithe san earnáil phoiblí ag obair ó chian (i ndiaidh na paindéime) |
| **Sruthanna Oibre** | | | |
| Tacaíocht chuimsitheach a thabhairt d'fhiontair ar fud gach gné dá gclaochlú digiteach.<br><br>Tabhairt faoi chur chuige comhleanúnach, comhtháite i leith an aistrithe dhigitigh, trí éiceachóras tréan agus cumasóirí láidre. | Nascacht ghigighiotáin agus nascacht 5G níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear nascacht idirnáisiúnta.<br><br>Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le fuinneamh & an geilleagar ciorclach mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha.<br><br>Tús áite a thabhairt d'acmhainn, saineolas agus bonneagar cibearshlándála na Éireann | Cnuasach freagraí um beartas scileanna idirnasctha a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an gclaochlú digiteach.<br><br>Scileanna Digiteacha don tSochaí a chur ar fáil, chun cur ar chumas gach cohórt gníomhú le digitiú | Digitiú breise a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn, le fócas ar an gcóras sláinte.<br><br>Céimeanna a chur i bhfeidhm go hiomlán lena chinntiú go n-úsáidtear sonraí seirbhíse poiblí go sábháilte agus go héifeachtach. |

Mar bhonn taca ag struchtúr rialachais comhleanúnach, agus ag creat rialála nua-aimseartha, comhtháite, dea-acmhainní.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland